



Intreo

**Ainm nua agus
seirbhís
níos fearr**



An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection



Cé na seirbhísí a bheidh ar fáil?

- Beidh seirbhísí fostaíochta agus tacaíochtaí ioncaim ar fáil san aon áit amháin.
- Gheobhaidh tú cúnamh agus comhairle den scoth mar gheall ar dheiseanna fostaíochta, oiliúna agus forbartha pearsanta.
- Díreofar ar do riachtanais aonair chun cabhrú leat dul isteach sa lucht saothair.
- Beidh áiseanna féinseirbhíse ann chun eolas agus treoir a thabhairt duit i dtaobh deiseanna fostaíochta agus deiseanna oiliúna.
- Gheobhaidh tú eolas ar fholúntais poist ó www.jobsireland.ie. Cuireann Jobs Ireland eolas ar fáil i dtaobh post agus deiseanna in Éirinn agus ar fud na hEorpa.
- Gheofar eolas ar na tacaíochtaí ioncaim ar fad a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil, mar shampla íocaíochtaí cuardaitheora poist, íocaíochtaí um fhilleadh ar an obair agus ar an oideachas, íocaíochtaí teaghlach aontuismitheora, pinsin agus eile.
- Is iad an fhoireann san Oifig Intreo a fhreagróidh ceisteanna i dtaobh íocaíochtaí cuardaitheora poist agus íocaíochtaí teaghlach aontuismitheora.

Conas a oibreoidh an tseirbhís seo do chuardaitheoirí poist?

Buail isteach san áit fáiltithe chun iarratas a dhéanamh ar Liúntas nó ar Shochar Cuardaitheora Poist. Gheobhaidh tú foirm iarratais ó bhall dár bhfoireann, déanfar coinne ar do shon agus inseofar duit cé na doiciméid a bheith uait ag an gcoinne sin.

Féadfaidh tú iarratas cuardaitheora poist a dhéanamh ar líne, chomh maith, in oifigí áirithe agus sa chás sin cuirfear am agus áit coinne chugat.

Déanfar d'iarratas a athbhreithniú agus a phróiseáil ag an agallamh. Gheobhaidh tú eolas mar gheall ar sheisiún eolais ina míneofar na seirbhísí tacaíochta ar fad atá ar fáil ó Intreo.

Déanfar coinne duit le hOifigeach Cáis, a phléifidh roghanna oibre, oiliúna, oideachais agus tacaíochta leat, agus a cheapfaidh Plean Pearsanta Chun Cinn chun cabhrú leat post a fháil.

Beidh comhairle agus tacaíocht leanúnach le fáil agat uainn chun na spriocanna i do Phlean Pearsanta Chun Cinn a bhaint amach.

Agus tú ag fáil íocaíocht cuardaitheora poist, cad iad na hoibleagáidí atá ort?

Nuair a dhéanann tú iarratas ar íocaíocht cuardaitheora poist dearbhaíonn tú;

- go bhfuil tú ar fáil chun oibre,
- go bhfuil tú ábalta obair a dhéanamh agus
- go bhfuil tú ag lorg oibre go fírinneach ach
- nach bhfuil tú in ann obair a fháil.

Geallann tú comhoibriú le seirbhísí Intreo a thugann comhairle fostaíochta agus a atreoraíonn tú chuig deiseanna oiliúna. Déanfar d'íocaíocht cuardaitheora poist a laghdú nó a chur ar ceal mura gcomhlíonann tú do ghealltanais.



Seirbhís nua
is ea Intreo a
chabhróidh
leat tacaíocht
fostaíochta agus
tacaíocht ioncaim
a fháil.



Eolas breise

Gheofar tuilleadh eolas ar Intreo agus ar sheirbhísí na Roinne Coimirce Sóisialaí;

- ar www.intreo.ie,
- ón Oifig Intreo áitiúil agus ón Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil,
- ó d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil, ar www.citizensinformation.ie, agus
- inár bPaca do Chuardaitheoirí Poist.

Freagróidh an fhoireann san Oifig Intreo áitiúil ceisteanna i dtaobh na seirbhísí agus na tacaíochtaí ar fad atá ar fáil.

